

é a lú

# Áine Uí Fhoghlú



Cló Iar-Chonnacht  
Indreabhán  
Conamara

An chéad chló 2013

© Cló Iar-Chonnacht 2013

ISBN 978-1-909367-69-2

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail

Dearadh clúdaigh: Clifford Hayes



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge  
as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid  
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-593307 Facs: 091-593362 r-phost: eolas@cic.ie

Priontáil: Castle Print, Gaillimh.



## Caibidil 1

Phreab Magda nuair a chuala sí an doras tosaigh ag oscailt. D'fhéach sí sa scáthán, néataigh sí a cuid gruaige, dhírigh sí a gúna agus chuir sí gáire ar a haghaidh. Chuala sí na coiscéimeanna ag teacht níos gaire don chistin. Tháinig righneas ina corp.

"Bhuel, anois. Cad a bhí á dhéanamh ag mo stóirín inniu fad is a bhí mé ag obair?"

"Ó, seo agus siúd. Ag glanadh an tí – mar a fheiceann tú – agus ag ullmhú an dinnéir. Uaineoil rósta le píseanna, cairéidí, prátaí rósta agus anlann. Do roghasa! Tá súil agam go dtaitneoidh sé leat," ar sí go díograiseach, gealgháireach. Chuimil sé a mhéara de sheilf na leabhar agus ghreamaigh an deannach de bharr a dhá mhéar. D'ardaigh sé iad agus chuir suas lena haghaidh iad.

"Ní foláir nó chaith tú cuid mhaith den lá ag caint ar an bhfón leis an leisceoir eile sin atá mar chara agat? Ní chun teach ar nós chró na gcearc a

choimeád a bhímse ag saothrú duitse. Ag briseadh mo dhroma, ag obair ó dhubh go dubh!"

D'fhreagair sí go tapa, leithscéalach. "Ní raibh mé. Ní raibh in aon chor. Níor ghlaigh Berta in aon chor inniu, a stór. Tá an seomra gréine go léir glanta agam, na léinte iarnáilte agus na hurláir ar fad scuabtha agus nite. Dáiríre . . ."

A shúile doirgeacha á leanacht timpeall an tseomra.

Bhí Magda ar bheagán Béarla. Chuimhnigh sí siar ar an gcéad lá a leag sí súil air sna hoifigí. Ise ag scuabadh an urláir agus eisean ag siúl síos an pasáiste ina diaidh, é ag líonadh lán a dhá shúl le cuair ghnéasacha a coirp sa ghúna teann gorm a bhí á chaitheamh aici. Baineadh geit aisti nuair a labhair sé léi go suiríoch, "Seachain nach bpreabfadh an cnaipe sin de do ghúna, tá sé an-teann!" agus é ag leagaint a mhéire ar an bpointe ag a raibh a dhá cíoch ag tarraingt ar an gcnaipe. D'ardaigh sí a ceann agus d'fhéach in airde. Bhí sé seo míchuí, go ndéanfadh stróinséar é seo léi – ní hé gur stróinséar ar fad a bhí ann mar bhí sé tugtha faoi ndeara aici sna hoifigí cúpla babhta. Tugtha faoi ndeara mar gheall ar a dhathúlacht. Ach níorbh é an gníomh míchuí a bhain geit aisti anois ach an teanga a bhí á labhairt aige. A teanga dhúchais féin: an

Pholannais! Éireannach breá ard, dathúil – agus saibhir, chuirfeadh sí geall – agus suim á chur aige i nduine de na glantóirí oifige. Inti féin.

“Cén t-am a chríochnaíonn tú den obair?” a d’fhiafraigh sé di agus é ag féachaint suas síos uirthi ar bhealach nach bhféadfaí aon mhíthuiscint a bhaint as.

“Inniu?” arsa Magda go compordach ina teanga féin. “A cúig. Críochnaím ar a cúig a chlog.”

“An bhféadfainn síob abhaile a thabhairt duit?”

“Á, bhuel, níl a fhios agam faoi sin . . .”

“Seo leat,” agus a súile gafa i ndraíocht a dhá shúl agus é ag stánadh uirthi go ceannasach. D’fhéadfadh sí a scáil aisteach féin a fheiscint agus é lúbtha as a riocht in imrisc a dhá shúl. “Buailfidh mé leat ar a deich tar éis a cúig sa charrchlós faoi thalamh. Cad a déarfá?”

“Ach táim i mo chónaí ceithre mhíle i gcéin agus tugann an bus chuig mo dhoras mé agus beidh an trácht an-trom agus . . .”

Chuir sé a aghaidh an-ghar dá haghaidhse ach ar chuma éigin níor chuir sé isteach uirthi. Bholáigh sí meascán dá chuid allais agus an cumhrán bearrtha a bhí á chaitheamh aige ach níor chorraigh sí oiread na fríde uaidh. D’fhéach sí ar a ghiall teann córach agus thug sí faoi ndeara an

ghuaireach dhorcha a bhí ag tosnú ag fás arís tar éis bhearradh na maidine.

"Ceart go leor mar sin. A deich tar éis a cúig," a dúirt sí. Bhí ceithre nó cúig choiscéim tugtha aige uaithi nuair a ghlaigh sí ina dhiaidh, "Hé! Cén sórt gluaisteáin a thiomáineann tú?"

"Is liomsa an Mercedes dearg. An ceann nua sa chúinne. Díon gréine air." É ag labhairt thar a ghualainn agus é fós ag siúl. Meangadh mór socair sásta ar a aghaidh. Biongó! Chaith sé a pheann san aer go scléipeach agus rug air arís. Ar mhuinte na muice.

Ar a cúig nóiméad chun a cúig chuaigh Magda ar ais chuig an seomra ina bhfágtar na córacha glantóireachta. Néataigh sí a cuid gruaige os comhair an scátháin sa seomra folctha. Chuir sí dath beol uirthi féin. Bhí sí mar a bheadh déagóir sceitimíneach agus í ag insint do Bherta go raibh síob aici.

"An stumpa breá sin go mbímid ag faire air? Matt, an ea? Níl tú dáiríre. A Mhagda! An ag magadh fúm atá tú? D'iarr sé ort síob abhaile a ghlacadh leis? Ó, a bhitse! Fág fútsa é! Ach conas a dhéanfaidh tú comhrá leis? Níl –"

"Sin an chuid is fearr de! Bhí sé ag obair i Vársá ar feadh dhá bhliana mar chomhairleoir tógála. Tá ár dteanga féin go líofa aige!"

"Ach, a Mhagda, an gceapann tú go bhfuil sé stuama tosnú ag dul amach le duine éigin sa tír seo? Éirí róchóngarach d'éinne? Tuigeann tú cad chuige go bhfuilim?"

"Sea, sea. Tá a fhios agam. Ach níl ann ach suirí . . . ó, a Bherta tá sé chomh dathúil!" a d'fhreagair Magda. Agus chuir sí béim ar an bhfocal "chomh" amhail is gur "chóóóóóóó" a bhí á rá aici.

Ón lá sin amach ba ghearr gur thosaigh sé á hiarraidh amach arís is arís eile agus níorbh fhada go raibh siad ag bualadh amach le chéile gach deireadh seachtaine. Ba bhreá dathúil an lánúin le chéile iad agus iad ag sníomh trí chlubanna oíche na cathrach nó ag freastal ar an bpictiúrlann, ag ithe béilte i mbialanna galánta, an suíochán ab fhearr acu ag ceolchoirmeacha – agus an chuid ab fhearr de: ní raibh cead ag Magda a lámh a chur ina póca chun íoc as aon rud. Ar dtús ní raibh sí róchompordach leis sin mar ba dhuine neamhspleách í, agus cé nach raibh an méid sin airgid aici, mar sin féin ba mhaith léi a sciar féin a íoc. Satharn amháin fiú, dhein sé socrú léi go gceannódh sí éadaí nua di agus nuair a bhí roinnt ball éadaigh roghnaithe aici i siopa faisin shiúil sé roimpi suas chuig an gcuntar agus shín a chárta creidmheasa chuig an bhfreastalaí. Chuir sé seo beagán imní ar

Mhagda ach arís mhínigh Matt gur rud é seo ba mhaith leis a dhéanamh lena chuid airgid agus nach mbeadh sí faoi chomaoin aige. Bí cinnte nach mbeadh. Ar ndóigh, mar a dúirt sé léi, nárbh é seo ré an rachmais in Éirinn? Bhí na céadta mílte fostaithe i dtionscal na tógála agus bhí Matt ar dhuine de na fostóirí ba mhó sa cheantar. Bheadh an dachad slánaithe aige ag deireadh na bliana agus bhí sise cúig bliana ní b'óige ná é. Bhí cóisir dhochreidte á beartú aige don lá mór agus ní dhéanfadh sé aon díobháil dó bean óg chomh dathúil le Magda a bheith ar a dheaslámh aige agus é ag iarraidh dul i bhfeidhm ar a chomhleacaithe gnó. Ag cóisirí dá leithéid seo is féidir le fear gnó a lán beartaíochta agus margáintíochta a dhéanamh. Ba mhaith ann í Magda.

Leanadar mar sin agus nuair a tháinig oíche na cóisire móire d'fhógair Matt dá raibh i láthair go raibh sé féin agus Magda geallta agus go mbeadh pósadh ann san earrach. Chuirfeadh an fáinne a bhronn sé uirthi éad ar aon bhean. Chuir na haíonna na gártha astu, dheineadar bualadh bos go béasach, iad ar fad ag súil le cuireadh chuig an ócáid a thabharfadh an deis dóibh a ngrianghraif a fheiscint foilsithe san iris *VIP*. Thaitin an aird le Matt. Thaitin an rachmas le Magda. Níor bhain sé



a shúil di an oíche ar fad, fiú nuair a chuaigh sí chuig an leithreas d'fhair sé an doras nó go bhfeicfeadh sé í ag teacht amach arís. Anonn chuici láithreach. Ní fhéadfadh sé a bheith ina héagmais a thuilleadh.

Ní raibh cailín chomh sásta léi nuair a phós siad agus nuair a mhínigh sí go raibh díomá uirthi nach bhféadfadh a clann féin freastal ar an mbainis mar go raibh a hathair an-tinn, dúirt Matt go raghaidís ar cuairt go luath chun iad a fheiscint. Bhí Matt ag tathaint uirthi an obair a thabhairt suas. Ní raibh aon chiall le bheith ag sclábhaíocht ar phinginí suaracha agus an saibhreas seo acu. Níor ghá dá bhean céile siúd a bheith ina glantóir oifige. Ach ba bhean cheanndána, neamhspleách í Magda. "B'fhéidir nach fiú mórán leatsa mo chuid oibre," a deireadh sí, "ach taitníonn sé liomsa. Is ann a bhuaíl le mo chairde agus teastaíonn uaim go mbeadh mo chuid airgid féin agam." Ach faoin am seo ba é Matt a bhí ag láimhseáil airgead na beirte acu. Ní raibh uirthi ach é a iarraidh agus gheobhadh sí an méid a bhí uaithi d'aon rud a bhí ag teastáil. Ach mar sin féin thugadh sí a pá ar láimh dó ag deireadh na seachtaine – bhí sé níos stuama dar leis an gcuntasóir. B'in é a dúirt a fear céile. Ar dtús níor chuir Magda aon suim ann, aigesean ab fhearr a bhí

a fhios agus bhí sé go maith ag láimhseáil airgid. Go gairid tar éis gur aistrigh an comhlacht glantóireachta as oifigí Mharr go hionad eile d'aistrigh Magda leo. Agus tar éis na bainise bhíodar in aontíos. Trí mhí is an lá inné.

Ocht mí go díreach caite ón lá ar thug sé an chéad síob sin abhaile di. Tharla gach rud chomh tapa. Róthapaidh a thuig sí anois. Ba cheart go mbeadh sí tar éis na comharthaí a aithint. Ach níor aithin mar bhí sí róthógtha leis an saol sócúlach.

Ródhéanach anois.



## Caibidil 2

Dhruid sé léi agus tharraing chuige í chun í a phógadh. Ghéill sí dó agus chuir cuma shona uirthi féin cé go raibh a chomhluadar anois ag cur inní uirthi agus an inní ag méadú in aghaidh an lae. Shuíodar síos chun boird agus chuir sí a dhinnéar amach os a chomhair, í ag féachaint go fáilí air i ngan fhios dó, lena chinntiú go raibh gach rud i gceart. "Braon fíona? Fuair mé an buidéal deas seo an tseachtain seo caite," agus í ag iompó an lipéid ina threo ag súil go mbeadh sé sásta. "Déarfainn go mbeidh sé go deas leis an uaineoil." D'fhéach sé ar an mbuidéal agus, gan focal a rá, bhagair a cheann gur mhaith leis go ndoirtfeadh sí gloine dó.

D'itheadar leo go mall tomhaiste. Déanta na fírinne ní raibh ocras ar Mhagda ach bhí a fhios aici mura n-íosfadh sí go ndéanfadh sé rírá mór faoi a bheith ag ithe ina aonar agus thaitin comhluadar ag an mbéile leis. Bhí seantaithí aici ar throscaidh agus cleachtadh maith aici ar urlacan a dhéanamh i ngan